



COTHROIME ROCHTANA AR AN ARD-OIDEACHAS DO CHÁCH

CÉARD IS SUIRBHÉ AR **CHOTHROIME ROCHTANA** ANN?

Is suirbhé bliantúil **deonach** é an Suirbhé ar Chothroime Rochtana a bhaineann le hiontrálaithe lánaimseartha nua agus iontrálaithe páirtaimseartha nua atá sa chéad bhliain ar choláistí atá á maoiniú ag an Údarás um Ard-Oideachas (UAO).

CÉ A DHÉANANN AN SUIRBHÉ AR **CHOTHROIME ROCHTANA**?

Is é do choláiste a dhéanann an Suirbhé ar Chothroime Rochtana agus cuirtear sonraí ón suirbhé ar ais chuig an UAO le haghaidh anailíse¹.

CÉN FÁTH A NDÉANTAR AN SUIRBHÉ AR **CHOTHROIME ROCHTANA**?

Leis an eolas a bhailítear ó Shuirbhé ar Chothroime Rochtana, tá an UAO in ann **cáilíocht an rochtana ar an ardoideachas a thomhas** agus na hacmhainní a theastaíonn le tacú le mic léinn ó gach cúlra agus cumas a leithroinnt. Cuideoidh sé sin chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo chuspóir cothroime rochtana do chách.

CÉN T-EOLAS A BHAILÍTEAR?

Chun cuidiú le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo chuspóir cothroime rochtana ar an ard-oideachas do chách, bailítear eolas maidir leis an stádas míchumais, **an stádas eitneach (baill de Lucht Taistil na hÉireann san áireamh), an stádas tuismitheoireachta aonair** agus fad aistir chun institiúidí ardoideachais d'iontrálaithe nua².

AN BHFUIL SÉ ÉIGEANTACH AN SUIRBHÉ AR **CHOTHROIME ROCHTANA** A DHÉANAMH?

Cé go spreagtar na hiontrálaithe nua uile chun an Suirbhé ar Chothroime Rochtana a líonadh, **ní hé gur éigeantach atá sé**. É sin ráite, d'fhéadfadh neamhfhreagartha tionchar a bheith aige ar mhéid an mhaoinithe ón Stát a leithroinntear le do choláiste.

Má tá tuilleadh eolais uait nó má tá leagan inrochtana den bhileog seo ag teastáil uait, déan teagmháil, le do thoil, le access@hea.ie

Cuireann an UAO cothroime rochtana ar an ardoideachas chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas, mic léinn lánfhásta nach raibh an deis acu riamh cheana an t-ardoideachas a rochtain, iad siúd ag tabhairt aghaidhe ar bhaic shóisialta agus eacnamaíocha, agus grúpaí mionlaigh, an Lucht Taistil san áireamh. Riarann an UAO an Ciste do Mhic Léinn faoi Míchumas, an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn, an Clár Rochtana don Ardoideachas agus an Tionscnamh Linghláir+.

¹ Ní fhoilsítear ach sonraí comhiomláin gan ainm.

² Tá an t-eolas a bhailítear faoi chosaint polasaithe láidre cosanta sonraí i do choláiste agus san UAO, a lánchomhlíonann an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus an reachtaíocht um chosaint sonraí, agus faoi réir iniúchta ag an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.